

# Amharc-Ealaín

Oide

CUIR IN ÁIT



COMHCHEANGAIL



LEASAIGH



Modhnaigh nó Formhéadaigh




BAIN ÚSÁID AS



CEALAIGH



ATHCHÓIRIGH



## SCAMPER

### CUIR IN ÁIT

An dtiocfadh liom teicníc amháin a chur in áit ceann eile?
An dtiocfadh liom codanna ar bith a athrú?
Cad é a tharlódh dá n-athróinn na hábhair?
Conas a dhéanfainn athphacáistiú, athainmniú nó athbhrandáil?
An dtiocfadh liom triail a bhaint as próiseas eile?
Cad é dá n-athróinn mo smaoineamh nó mo phríomhfhoinse?
Cén plean eile a bhféadfainn smaoineamh air?
An féidir liom mothúchán nó dearcadh eile a bheith agam ina leith?

### COMHCHEANGAIL

Cad iad na smaointe nó na codanna is féidir a chomhcheangal?
Cad é má thugaim le chéile nithe atá éagsúil óna chéile?
An bhféadfaí meascán de thionchair a chur san áireamh?
An dtiocfadh liom codanna a chomhtháthú, a nascadh nó a thabhairt le chéile?
An féidir smaointe, ábhair nó GEPD (Gnéithe Ealaíne agus Prionsabail Deartha) a mheascadh?
An bhféadfainn meáin 2T a chumasc le meáin 3T
An bhféadfainn teicnící a chomhcheangal leis seo a fheabhsú?
Cén cineál nasc is féidir liom a dhéanamh?

### LEASAIGH

Cad é eile a bhfuil sé seo cosúil leis?
Cén smaoineamh eile a chuireann sé sin i do cheann?
Cén t-ábhar eile a bhfuil sé seo cosúil leis?
Cad é mar a chuirfinn smaoineamh eile isteach?
An bhféadfaí é seo a chur i gcomhthéacs eile?
Cad iad na smaointe nó na príomhfhoinsí eile a d'fhéadfainn a úsáid mar inspioráid?
An bhfuil a mhacsamhail le fáil sa chultúr físiúil
An bhféadfainn athfeidhm nó athearraíocht a chur leis?

### MODHNAIGH NÓ FORMHÉADAIGH

An bhféadfaí é seo a athrú nó a choigeartú?
Cad é a thiocfadh a fhormhéadú, a mhéadú, a laghdú nó a shimpliú?
Cad é a tharlódh dá méadóinn cuid amháin?
Cad é a tharlódh dá gcuirfinn casadh, áibhéil, béim, síneadh, fadú le codanna?
Cad é dá ndúblóinn é nó dá ndéanfainn in athuair é?
An féidir é a dhéanamh níos láidre, níos éadroime, níos tibhe nó níos troime?

### BAIN ÚSÁID AS

Cén úsáid eile is féidir a bhaint as seo?
An bhfuil bealaí nua lena úsáid faoi mar atá sé?
Cad é eile ab fhéidir a dhéanamh as seo?
Cad iad na féidearthachtaí atá ann ó thaobh cuma nó cruth an ábhair nó cén chuma a bheadh air i gcomhthéacs nó i suíomh difriúil?
An bhféadfaí é seo a athchúrsáil nó a uaschúrsáil chun rud éigin nua a dhéanamh?

### CEALAIGH

Cad é a ba chóir dom a fhágáil amach?
An dtiocfadh liom comhpháirt a scriosadh nó a bhaint amach?
Cad é a tharlódh dá gcaithfinn i leataobh nó dá gceilfinn rud?
An dtiocfadh liom é a roinnt, a scoilteadh nó a scaradh?
Cad é dá gcealóinn nó dá ndealóinn é?
Cad é nach bhfuil riachtanach nó atá neamhéigeantach?
Cad iad na codanna is féidir liom a thógáil ar shiúl gan a fheidhm ná a chiall a athrú?

### ATHCHÓIRIGH

Cén socrú eile a thiocfadh a bheith níos fearr?
An dtiocfadh liom dul siar nó atheagar a chur air?
Cad é a thiocfadh liom a chur in áit eile?
Cad é dá mbogfaí é chun tosaigh, ar gcúl, i leataobh, síos faoi nó os a cionn?
An dtiocfadh liom é a rothlú nó a chasadh?
Cad é dá ndéanfainn an próiseas droim ar ais?
Cad iad na leaganacha amach nó na seichimh eile is féidir liom a úsáid?

@oide_Art_VisArt
www.oide.ie

Nótaigh: Is samplaí iad na ceisteanna a shonraítear thuas agus ní liosta cuimsitheach atá i gceist.

cc BY NC